Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13672/25**
**ADD 1**

**IXIM 214**
**FRONT 250**
**DELACT 160**
**COMIX 378**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6856 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>gCinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Cinneadh Tarmligthe C(2023)950 final ón gCoimisiún an 27 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a shonrú le haghaidh comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais a cheadaítear agus i gcomhad iarratais ETIAS |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6856 annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 6856 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2025
C(2025) 6856 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**gCinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Cinneadh Tarmligthe C(2023)950 final ón gCoimisiún an 27 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a shonrú le haghaidh comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais a cheadaítear agus i gcomhad iarratais ETIAS**

**IARSCRÍBHINN**

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1:

**'1. SONRAÍ Ó CHÓRAIS FAISNÉISE ÉAGSÚLA**

Déanfar sonraí céannachta agus sonraí ó dhoiciméad taistil atá i gcomhad iarratais an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a chuardach agus a chur i gcomparáid le sonraí céannachta agus sonraí ó dhoiciméad taistil atá sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES) arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/2226[*], sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) arna bhunú le Rialachán (CE) 767/2008[**], i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1862[***], sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN) arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/816[****] agus in 'Eurodac' arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1358[*****].

Go háirithe:

- Cuirfear na hainmneacha i gcomparáid leis na hainmneacha, lena n-áirítear sloinnte agus céadainmneacha.
- Cuirfear an dáta breithe i gcomparáid leis an dáta breithe.
- Cuirfear an inscne i gcomparáid leis an inscne.
- Cuirfear an náisiúntacht agus an áit bhreithe i gcomparáid leis an náisiúntacht agus leis an áit bhreithe, más infheidhme.
- Cuirfear cineál agus cód trí litir an doiciméid taistil, agus uimhir an doiciméid taistil i gcomparáid le cineál agus cód trí litir an doiciméid taistil, agus uimhir an doiciméid taistil faoi seach. I gcás ina bhfuil dáta éaga an doiciméid taistil le fáil sa dá chóras, cuirfear na dátaí sin i gcomparáid le chéile freisin. I gcás Chóras Faisnéise Schengen, ní úsáidfear ach sonraí ó phasanna.

Beidh tábla comhshó i Lárchóras ETIAS lena bhféadfar an cód trí litir a fháil ón réimse sonraí a chomhfhreagraíonn don tír a d'eisigh an doiciméad taistil. Úsáidfear tábla comhshó freisin chun formáid na sonraí a bhaineann leis an gcineál doiciméid taistil a chomhchuibhiú.

---

* IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj.

** IO L 218, 13.8.2008, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/767/oj.

*** IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj.

**** IO L 135, 22.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/816/oj.

***** IO L, 2024/1358, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj.

| Catagóir sonraí | | ETIAS | VIS | CFS | EES | ECRIS-TCN | EURODAC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraí céannachta | Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm) | Sloinne (ainm teaghlaigh)<br><br>Sloinne breithe<br><br>Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid)<br><br>Céadainm(neacha)<br><br>Ainm(neacha) baiste | Sloinne (Ainm teaghlaigh)<br><br>Sloinne breithe (Ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo)<br><br>Céadainm (Ainmneacha baiste) | (1) Gach réimse ainm (sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha breithe agus ainmneacha a úsáideadh roimhe seo) i ngach céannacht i bhfoláirimh maidir le daoine<br>(2) Gach réimse ainm (ainm teaghlaigh agus céadainm) i bhfoláirimh maidir le doiciméid eisithe (pasanna) | Sloinnte<br><br>Céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste)<br><br>Ainmneacha<br><br>Ainmneacha baiste | Sloinne (ainm teaghlaigh)<br>Ainmneacha bréige nó ailiasanna<br>Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo<br>Céadainmneacha (Ainmneacha baiste)<br>Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo | Sloinn(t)e<br><br>Céadainm(neacha)<br><br>Ainm(neacha) breithe<br><br>Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo<br><br>Ailiasanna |
| | | I gcás mionaoiseach, sloinne agus | | Gach réimse ainm (sloinnte, | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | céadainm(neacha) an duine a bhfuil údarás tuismitheora á fheidhmiú aige nó aici nó chaomhnóir dlíthiúil an iarratasóra | | céadainmneacha, ainmneacha breithe agus ainmneacha a úsáideadh roimhe seo) i ngach céannacht i bhfoláirimh maidir le daoine | | | |
| | Dáta breithe | Dáta breithe | Dáta breithe | (1) Dáta breithe i ngach céannacht i bhfoláirimh maidir le daoine<br>(2) Dáta breithe i bhfoláirimh maidir le doiciméid eisithe (pasanna) | Dáta breithe | Dáta breithe | Dáta breithe |
| | Inscne | Gnéas | Gnéas | (1) Inscne i ngach céannacht i bhfoláirimh maidir le daoine<br>(2) Inscne i bhfoláirimh maidir le doiciméid eisithe (pasanna) | Gnéas | Inscne | Gnéas |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |
| | Náisiúntacht agus Áit bhreithe<br>Tír bhreithe | Náisiúntacht i láthair na huaire<br>Náisiúntachtaí eile<br>Áit bhreithe<br>Tír bhreithe | Náisiúntachtaí i láthair na huaire<br>Náisiúntacht bhreithe<br>Áit bhreithe agus tír bhreithe | (1) Aon náisiúntacht a bhaineann le gach céannacht i bhfoláirimh maidir le daoine | Náisiúntacht<br>Náisiúntachtaí | Náisiúntacht<br>Náisiúntachtaí<br>Áit bhreithe (baile agus tír) | Náisiúntacht(aí)<br>Áit bhreithe |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Doiciméad taistil | Cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil | VIS Reatha:<br>Cineál & uimhir<br>cód trí litir na tíre eisiúna<br>an dáta éaga<br>an t-údarás eisiúna<br>an dáta eisiúna | (1) Uimhir an doiciméid & an tír a d'eisigh an pas i bhfoláirimh maidir le daoine<br>(2) Uimhir an doiciméid & an tír a d'eisigh an pas i bhfoláirimh maidir le doiciméid eisithe (pasanna)<br>(3) Uimhir an doiciméid & an tír a d'eisigh an pas i bhfoláirimh maidir le | Cineál & uimhir & cód trí litir na tíre eisiúna | Cineál & uimhir & cód trí litir na tíre eisiúna | Cineál agus uimhir an doiciméid taistil, cód trí litir na tíre eisiúna |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | VIS Nua:<br>Cineál & uimhir<br>An tír a d'eisigh an doiciméad taistil | doiciméid bhána (pasanna) | | | |